


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Innealtóireacht Shibhialta |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair:** | Príomhoifigeach Teicniúil 1 |
| **Fad an Phoist:** | Buan |
| **Grád:** | 95 Príomhoifigeach Teicniúil (CTOI) |
| **Bainisteoir Líne:** | Príomhoifigeach nó Ainmní |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 018544 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Jolanca Desouza |

**Achoimre ar an bPost:**

Cuirtear fáilte roimh iarratais don phost mar Oifigeach Teicniúil Sinsearach i Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta, chun ceannasaíocht a thabhairt do thaighde agus do theagasc na Scoile, go háirithe mar a bhaineann sé le tacaíocht saotharlainne agus oibre allamuigh. Is scoil dhinimiciúil í Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta atá dírithe ar thaighde agus a leagann béim ar leith ar chláir theagaisc den scoth a sholáthar. Tá dhá lárionad taighde sa Scoil: an Lárionad um Thaighde ar Bhonneagar Criticiúil (CCIR) agus an Lárionad um Thaighde Acmhainní Uisce (CWRR). Tá na réimsí, ábhair thógála, meicnic, struchtúir, ceimic uisce agus fuíolluisce, hiodrálaic, geoiteicnic, agus priontáil 3T mar chuid den taighde agus teagasc laistigh den scoil.

Is cuid thábhachtach dár bpunanna taighde agus teagaisc iad saotharlanna na Scoile, agus beidh an té a cheapfar i gceannas ar fhoireann theicniúil na saotharlainne i Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta. Beidh taithí agus cáilíochtaí ag an té a cheapfar a bhaineann le disciplín innealtóireachta gaolmhar. Beidh orthu tabhairt faoi ról bainistíochta i dtaca le teicneoirí eile sa Scoil agus maoirseacht a dhéanamh ar an sreabhadh oibre sna saotharlanna. Ina theannta sin, cuirfidh an té a cheapfar tacaíocht theicniúil ar fáil (sa tsaotharlann agus obair allamuigh araon) agus tabharfaidh siad faoi thascanna ginearálta, cothabháil agus dualgais chothabhála laistigh de na saotharlanna. Cuirfidh siad tacaíocht ar fáil do theagasc fochéime agus iarchéime agus gníomhaíochtaí taighde sa Scoil, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí taighde agus teagaisc fhoireann teagaisc agus taighdeoirí Iardhochtúireachta na Scoile. Beidh scileanna cumarsáide agus idirphearsanta iontacha ag an té a cheapfar, chomh maith le heitic oibre láidir.

I measc bhunluachanna na Scoile tá barrfheabhas sa taighde agus san oideachas araon, coláisteacht, agus an toilteanas dul i mbun rannpháirtíochta le saol na hollscoile agus an saol gairmiúil. Tá an Scoil tiomanta d'fheabhas a chur ar a cuid teagaisc, taighde agus rannpháirtíochta leis an tsochaí. Beidh sé de chumas ag an té a cheapfar dul i mbun rannpháirtíochta gníomhaí maidir le haidhmeanna straitéiseacha na Scoile a bhaint amach, chomh maith le hionchur suntasach a bheith acu i dtaca le heispéireas na mac léinn i Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD. Tá an Scoil mar chuid de Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD, ar bronnadh duais chré-umha Athena SWAN air le déanaí, mar aitheantas ar a thiomantas comhroinnte chun a áirithiú go mothaíonn an dámh, an fhoireann agus mic léinn go bhfuil timpeallacht chomhionann, éagsúil agus ionchuimsitheach ann.

**Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:**

**<u>Scileanna Teicniúla:</u>**

- Feabhsuithe teicniúla leanúnacha a chur chun cinn, caighdeáin a leagan síos agus solúbthacht a spreagadh laistigh den fhoireann.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chothabháil agus ar oibriú trealaimh speisialtóra ar an gcaighdeán is airde.

© Acmhainní Daonna UCD




- Acmhainní teicniúla a bhainistiú. Bainistíocht ghinearálta, cothabháil agus 'timireacht' i leith shaotharlanna na Scoile.

**Sláinte agus Sábháilteacht:**

- Tabhairt isteach agus cur i bhfeidhm theicnicí agus theicneolaíochtaí nua sa Scoil/an tAonad a stiúradh, bunaithe ar phrionsabail/threoirlínte sláinte agus sábháilteachta stuama, chomh maith le rannpháirtíocht ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta na Scoile.

- An tábhacht a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht a chur chun cinn i measc na foirne agus na mac léinn go léir.

- Maoirseacht a dhéanamh ar dhóchúlacht agus ar thionchar féideartha rioscaí agus córais dearbhaithe rialaithe chuí a chur i bhfeidhm. A chinntiú go ndéantar beart leantach chun guaiseacha nó rioscaí a bhaint.

**Bainistíocht agus Pleanáil:**

- Bainisteoir líne do bhaill foirne laistigh den Scoil, i gceannas ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme chóras/ struchtúr chun sreabhadh oibre éifeachtúil trí na saotharlanna a chinntiú, obair a tharmligean agus daoine eile a spreagadh chun barr a gcumais a bhaint amach.

- Tuiscint shoiléir ar Straitéis agus ar chuspóirí na Scoile a léiriú agus iad seo a aistriú go dtí an méid atá ag teastáil ó na hoifigigh theicniúla sa Scoil.

- Saincheisteanna/ dúshláin fhéideartha a réamh-mheas agus a chinntiú go bhfuil pleananna teagmhais i bhfeidhm.

- I gcomhar leis an gCeann Scoile/an t-ainmní, ceannasaíocht a thabhairt maidir le leithdháileadh na n-acmhainní agus na n-áiseanna teicniúla go léir.

- Maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar bhuiséid theicniúla a bhaineann le saotharlanna na Scoile.

- Freagrach as an bpleanáil bhliantúil/ réamhphleanáil don ghrúpa foirne teicniúla.

**Scileanna Idirphearsanta:**

- Caidrimh ríthábhachtacha a bhainistiú laistigh den fhoireann, ar fud teorainneacha laistigh den Scoil/den Aonad/den Choláiste agus le comhghleacaithe ar fud na hOllscoile.

- Láidreachtaí agus riachtanais forbartha na foirne teicniúla a thuiscint.

- Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach mar cheannaire na foirne teicniúla.

- Caidrimh a bhainistiú chun comhthuiscint a chothú agus athruithe dearfacha a chruthú.

- A chinntiú go gcomhlíontar cuspóirí foirne agus go bhfuil siad ailínithe le straitéis, spriocanna agus cuspóirí ginearálta UCD.

- Feidhmiú mar mheantóir agus mar eiseamláir do bhall foirne agus do mhic léinn.




- Seisiúin oiliúna neamhfhoirmiúla a chur ar fáil maidir le tascanna/gníomhaíochtaí sonracha.
- Ábhar acmhainne úsáideach a aithint/a sholáthar chun tacú le hobair daoine eile.

**Riachtanais Seirbhíse**

- Ardchaighdeáin a leagan síos don fhoireann theicniúil agus baill foirne a spreagadh chun teorainneacha leibhéal seirbhíse a bhrú chun cinn.
- Feidhm a bhaint as eolas leathan ar bheartais agus nósanna imeachta na hOllscoile chun comhairle a chur ar bhaill foirne, ar mhic léinn agus ar chomhghleacaithe, de réir mar is cuí.

**Nuálaíocht/Solúbthacht/Inoiriúnaitheacht**

- Nuálaíochtaí teicniúla a thionscnamh agus a thiomáint ar fud na foirne, ag comhoibriú le comhghleacaithe eile, de réir mar is cuí.
- Cur chuige nua a threorú agus a sheachadadh ar fud na foirne teicniúla chun freastal ar riachtanais eagraíochtúla.
- Cur chuige cruthaitheach agus atá dírithe ar réitigh a sheachadadh maidir le dul i ngleic le saincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

**Scála Tuarastail: €71,381 - €80,652**

Déanfar an ceapachán ar scála agus i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.
Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis faoi phinsean ar fáil ag:
https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltímid roimh iarratais ó gach duine, iad siúd a shainaithníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe san áireamh. Tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach

- Céim Máistir (do dhaoine aonair a thosaigh in UCD tar éis mhí na Samhna 2006); Dioplóma NCEA nó a chomhionann (do dhaoine aonair a thosaigh in UCD roimh mhí na Samhna 2006).

- Taithí oibre ábhartha de 5 bliana ar a laghad i ról Teicniúil i saotharlann innealtóireachta ábhartha.
- Sárscileanna ceannaireachta agus bainistíochta daoine.
- Sárscileanna cumarsáide agus idirphearsanta lena n-áirítear an cumas oibriú leis an bhfoireann teagaisc, le taighdeoirí foirne agus le mic léinn ar gach leibhéal.
- Cur chuige solúbtha i leith na hoibre, agus toilteanas chun cabhrú le hathrú in eagraíocht atá ag forbairt.
- Taithí láidir ar bhainistíocht buiséid.
- Taifead láidir cruthaithe, inléirithe, ar inniúlacht theicniúil chuí agus ar thaithí "teagmhálach" i dtimpeallacht ollscoile, nó i dtimpeallacht chomhchosúil.
- Eolas den scoth ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta mar a bhaineann sí le hobair shaotharlainne agus le hobair allamuigh.
- Scileanna pleanála agus eagraíochta den scoth lena mbaineann cumas léirithe i dtaca le hobair a chur in ord tosaíochta, oibriú le spriocdhátaí dochta agus freagracht a ghlacadh as táirgí insoláthartha le cruinneas agus déanann an-chúram de na mionsonraí.
- Cur chuige loighciúil, lena mbaineann béim ar fhadhbanna a réiteach.
- Scileanna TF den chéad scoth.
- Caithfidh iarrthóirí feasacht ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a léiriú.

Inmhianaithe:

- Oiliúint Sábháilteachta agus Oiliúint Garchabhrach.
- Ceadúnas tiomána lán agus glan lena n-éascaítear tiomáint ar bhóithre na hÉireann.
- Cáilíocht Sláinte agus Sábháilteachta.
- Taithí/eolas ar a bheith ag obair le tomhas saotharlainne agus ionstraimíocht agus córais bailithe sonraí comhaimseartha.
- Taithí ar ionchur a dhéanamh i leith taighde acadúil trí dhea-theist maidir le comhúdar foilseachán.

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2030:<br>Teorainneacha a Shárú | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | |
| Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid: | |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |




**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | An tOllamh Cúnta John O'Sullivan |
| Teideal: | Príomhoifigeach, Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD |
| Seoladh ríomhphoist: | jj.osullivan@ucd.ie |
| Fón: | +353 1 7163213 |

© Acmhainní Daonna UCD